# Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
# Cairt Chustaiméirí

**Réamhrá**

Tá muid tiomanta seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil ar bhealach éifeachtach agus múinte do chách dár gcustaiméirí, de réir na 12 Phrionsabal um Sheirbhís do Chustaiméirí den scoth do chustaiméirí anseo agus do chliaint na Seirbhíse Poiblí.

**Ár dTiomantais Duit**

- Caitear leat le meas agus cuirtear fáilte roimh duit in áit atá tacúíl agus fáiltiúil.
- Tá sé de cheart agat go gcaithfí leat ar chomhchéim le cách, de réir an dlí, agus tú ag baint úsáide as ár seirbhísí.
- Cuirfear do phríobháideachas san áireamh agus tabharfar meas dó.
- Déanfar gnó leat ar bhealach éifeachtach agus sciobtha.
- Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeidh rochtain ag cách ar ár bhfoirgnimh.
- Beidh ár lóistín fáilte, seomraí feithimh agus seomraí agallaimh glan agus sábháilte.
- Cuirimid seirbhís ar fáil do chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

**Eolas**

- Cuirfimis eolas ar fáil faoi ár seirbhísí, gníomhaíochtaí agus cláir do chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha araon.
- Cuirfimid eolas ar fáil a bheidh soiléir, tráthúil agus cruinn, agus a fhreastalóidh ar riachtanais daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu.
- Táimid tiomanta d'aitheantas ceart a thabhairt don fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha, agus tacaíocht chuí a thabhairt dóibh.
- De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, beidh an t-eolas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

**Faisnéis Phearsanta**

Cuifear gach eolas pearsanta i láimhseáil ar bhealach rúnda, agus ní úsáidfidh ETB an t-eolas ach amháin chun na gcríoch ar cuireadh ar fáil é, de réir Bheartais agus Nósanna Imeachta ETB maidir le Cosaint Sonraí.

**Geaaráin agus Achomhairc**

Coinneoidh ETB córas atá inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid chun gearáin a láimhseáil, lena n-áirítear achomhairc a bhaineann le caighdeán na seirbhíse a cuireadh ar fáil, agus cinnteoidh sé go ndéanfar gearáin den sórt sin a láimhseáil ar bhealach comhsheasmhach agus cothrom,

**Conas dul I dteagmháil linn**

Tugaimid meas ar d'aiseolas agus tá muid anseo le cuidiú leat. Má tá aon cheist, imní, nó má tá tuilleadh cabhrach uait, ná bíodh aon leisce ort dul i dteagmháil linn trí.
Guthán: 074 - 9161600  Ríomhphost: eolas@donegaletb.ie  Suíomh gréasáin:Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall